

Duine Cosúil Liomsa: Plean Ceachta Sinsearach

Rang a Trí go Rang a Sé

Réamhrá:

An raibh a fhios agat?

Obair ghrúpa - Tabhair píosa páipéir do na daltaí, agus iarr orthu rud a bhreacadh síos fúthu féin nach mbeadh ar eolas ag daltaí eile, b'fhéidir, agus atá siad sásta a chomhroinnt. Iarr ar na daltaí a gcuid nótaí a fhilleadh, agus iad a chur i lár an ghrúpa. Glacann na daltaí seal ar na nótaí a léamh os ard agus a thomhas cé a scríobh iad. Tuairiscíonn na grúpaí an méid a d'fhoghlaim siad faoina chéile.

Plé Ranga

Déan plé leis na daltaí faoi na tacaíochtaí a bhíonn ag teastáil ó dhaoine faoi mhíchumas agus faoi na dúshláin a bhíonn rompu. Mar shampla, dá mbeadh duine i gcathaoir rothaí agus dá mbeadh carr nó veain páirceáilte ar an gcosán, b'fhéidir nach mbeadh an duine ábalta an cosán a úsáid nó go mbeadh air dul ar an mbóthar, rud a bheadh an-chontúirteach. D'fhéadfaí an sampla sin a úsáid freisin i gcás duine dall nach mbeadh ábalta dul timpeall ar na constaicí sin go héasca.

Forbairt:

- * Déan Machnamh agus Ceangal - Iarr ar na daltaí smaoineamh ar an eolas agus an taithí atá acu ar an gcaoi ar féidir le daoine a bheith difriúil óna chéile, mar shampla, míchumas coirp; míchumas céadfach ar nós bodhaire agus daille; míchumas intleachtúil; agus míchumas a thagann leis an aois, ar nós gá a bheith le háis éisteachta nó síúládn. Spreag iad chun smaoineamh ar an gcaoi a ndéanaimid talamh slán de thuiscintí áirithe a bhíonn againn uaireanta faoi dhaoine. Iarr ar na daltaí labhairt le duine muinteartha leo sa bhaile nó le dalta eile sa rang agus an cheist sin a phlé.
- * Úsáid na Cluichí Parailimpeacha le taispeáint do na daltaí an méid is féidir a bhaint amach agus duine faoi mhíchumas.

Cuspóirí:

- * Tuiscint agus meas a bheith againn ar chosúlachtaí agus difríochtaí i measc daoine
- * Feasacht agus tuiscint na ndaltaí ar mhíchumas a fhorbairt
- * Tuiscint chomhpháirteach a fhorbairt ar conas ba chóir dúinn caitheamh le daoine eile ar bhealach comhbhách, tuiscianach, mothálach agus ionchuimsitheach
- * Cur chun cinn muintearais agus bainteachta
- * Léiriú a thabhairt ar an téama 'Duine Cosúil Liomsa' ar bhealach ealaíonta agus cruthaitheach
- * Cabhrú le daltaí agus iad a spreagadh chun freagairt dá saothar féin agus do shaothair daltaí eile

Naisc Churaclaim:

OSPS - Mise agus daoine eile / Mise agus an domhan mór

Na hAmharcealaíona - Na snáithaonaid go léir

- * Bain úsáid as rólghlacadh chun an tábhacht a bhaineann le gach duine a chur san áireamh inár ngníomhaíochtaí a léiriú agus an tionchar a bhaineann le gan daoine eile a chur san áireamh.
- * Iarr ar na daltaí píosa de mhíreanna mearaí a tharraingt (féach ar an íomhá). Laistigh den chruth, iarr ar na daltaí bealaí a scríobh inár féidir linn daoine eile (duine le míchumas nó gan mhíchumas) a áireamh inár ngníomhaíochtaí. Ceangail na píosaí míreanna mearaí le chéile chun póstaer ranga a dhéanamh 'Is fearr a bheith le chéile'.

Roghnaic: bileog ghníomhaíochta ar líne ar fáil ó www.someonelikemecompetition.ie

Iomlánach:

Mínigh do na daltaí go bhfuil siad chun píosa ealaíne a chruthú bunaithe ar a bhfuil foghlamtha acu, leis an teideal 'Duine Cosúil Liomsa' Cuir i gcuimhne do na daltaí smaoineamh ar a bheith ionchuimsitheach ina ndearadh - m.sh. má úsáideann siad téacs, an bhfuil an cló mór go leor? An féidir leo siombailí a úsáid chun a dteachtaireacht a chur in iúl? Is féidir le daltaí cinneadh a dhéanamh más mian leo iontráil ranga, iontráil scoile nó iontráil aonair a chruthú. Tabhair roinnt ama ina dhiaidh sin do dhaltaí freagairt agus léirmheas dearfach a thabhairt ar obair a chéile. Comhlánaigh an bhileog gníomhaíochtaí atá ag gabháil leis an gceacht. Téigh siar ar ar fhoghlaim na daltaí sa cheacht. Téigh siar ar an stór focal tábhachtach agus iarr orthu a méid a d'fhoghlaim siad ón gceacht a chomhroinnt.



Is féidir leat an teachtaireacht 'Duine Cosúil Liomsa' a chomhroinnt trí thaispeántas scoile, trí thaispeántas ealaíne, nó ar shuíomh gréasáin na scoile!

Le cur isteach air:

Cuir isteach d'iontráil leis na sonraí seo a leanas ar a cúl nó ceangailte léi:

1. Cuir isteach d'iontráil chomh maith le d'fhoirm iontrála chomhlánaithe chuig Oifig Thionscadail Duine Cosúil Liomsa ag Real Nation, Cé Áran, Baile Átha Cliath 7, D07 W620.
2. Cur síos gairid ina mínítear na smaointe agus an spreagadh taobh thiar de shaothar do chuid daltaí (lín na bhfocal ar leibhéal sóisearach: suas le 200 focal). Cuir í seo isteach chomh maith le d'fhoirm iontrála.

Le haghaidh píosaí atá níos mó / nó píosaí 3T is féidir leat grianghraif a thógáil agus iad a chur isteach le do chuid sonraí.

Cuimhnigh

Is féidir leat rud a tharraingt, a phéinteáil, a chló, úsáid a bhaint as cré, struchtúr 3T a dhéanamh, úsáid a bhaint as fabraic nó más mian leat bheith an-chruthaitheach is féidir leat meáin mheasctha a úsáid.

